Topaic 9: Bia agus Deoch

Feidhmeanna

San aonad seo foghlaimeoidh an rang conas/faoi:

9.1	~ a rá go bhfuil tart nó ocras ort
9.2	~ cineálacha éagsúla bia agus dí a ainmniú
9.3	~ a rá cad iad na cineálacha bia agus deochanna a itheann agus a ólann tú
9.4	~ ceist a chur ar dhuine cad iad na cineálacha bia agus dí a itheann agus a ólann sé/sí
9.5	~ tuairimí a chur in iúl
9.6	~ bia agus deoch a ordú
9.7	~ deoch a thairiscint do dhuine agus glacadh agus diúltú do thairiscint
9.8	~ ceist a chur cé mhéad atá rud éigin agus ag freagairt na ceiste sin
9.9	~ an bille a lorg

An ghramadach

San aonad seo foghlaimeoidh an rang:

- Na bunuimhreacha: ***Euro amháin*** … ***deich euro***
- An t-alt roimh ainmfhocal: ***an t-iasc***

Stór focal:

San aonad seo foghlaimeoidh an rang:

Na príomhchineálacha bia agus dí: ***arán, im, feoil, glasraí, iasc, prátaí, rís, ceapaire, císte, siúcra, bainne, tae/caife, uisce, gloine beorach, uisce beatha, fíon***
Ag ithe i mbialann: ***bia, béile, deoch, freastalaí, biachlár, an chéad chúrsa, an príomhchúrsa, milseog, bille***

Beidh an foghlaimeoir in ann…

Labhairt	Na príomhchineálacha bia agus dí a thaitníonn leis/léi a ainmniú agus ceist a chur ar dhaoine eile faoin ábhar céanna. Béile simplí a ordú agus tuairim an-simplí a nochtadh faoi bhéile. An bille a iarraidh agus deoch a thairiscint do dhuine.
Cluastuiscint	Beidh tuiscint ag an bhfoghlaimeoir ar cheisteanna simplí agus cur síos bunúsach ar an ábhar céanna.
Léamhthuiscint	Na príomhfhocail ar bhiachlár simplí a aithint.

9.1 Ag rá go bhfuil tart nó ocras ort

- Múin na nathanna seo a leanas do na foghlaimeoirí:

Tá tart orm.
Tá ocras orm.

© Of Má Nuad

9.2 Cineálacha éagsúla bia agus dí

(A) Múin don rang na príomhchineálacha bia agus dí a itear/a óltar go laethúil.

Gníomhaíocht 9.2(A): Cineálacha bia agus dí: Cluastuiscint/Léamhthuiscint

Réamhullmhúchán:

Déan cóip de **Bhileog 9.2(A): Cineálacha bia agus dí** do gach duine sa rang agus déan cóip don osteilgeoir.

Gníomhaíocht:

- Tabhair am don rang chun breathnú ar na pictiúir agus chun an stór focal ar an mbileog/osteilgeoir a léamh.
- Abair na focail os ard don rang cúpla uair.
- Iarr orthu ansin gach focal a mheaitseáil leis na pictiúir chuí.
- Is féidir tasc grúpa nó tasc aonair a bheith i gceist leis an tasc seo, ag brath ar chumas nó riachtanais an ranga.
- Nuair atá an rang réidh, ceartaigh an ghníomhaíocht.
- Déan an stór focal maidir le cineálacha bia agus dí a chleachtadh leis na foghlaimeoirí go dtí go bhfuil siad compordach, muiníneach leis.

Gníomhaíocht 9.2(B): Cineálacha bia agus dí: Cluastuiscint

Réamhullmhúchán:

- Déan cóip de **Bhileog 9.2(B): Cineálacha bia agus dí** do gach duine sa rang.
- Téigh siar ar fhoclóir do bhéilte:

  lón
  bricfeasta
  dinnéar

Gníomhaíocht:

- Tabhair cóip den bhileog do gach duine sa rang agus iarr orthu éisteacht le Máire agus Tomás ag déanamh amach liostaí siopadóireachta.
- Caithfidh siad tic a chur leis na pictiúir de na rudaí atá
  (a) i liosta Mháire **(**b) i liosta Thomáis
  de réir mar a chloiseann siad iad.
- Ceartaigh an ghníomhaíocht leis an rang.

9.3 Ag rá cad iad na cineálacha bia agus dí a itheann agus a ólann tú

(A) Múin don rang conas a rá cad iad na cineálacha bia a itheann agus a ólann siad.

© OLMa Nuad

Gníomhaíocht 9.3(A): Ag ithe agus ag ól: Caint

Réamhullmhúchán:

- Cuir cóip de **Bhileog 9.2(A**) ar an osteilgeoir nó tabhair cóip do gach duine sa rang.

Gníomhaíocht:

- Abair leis an rang cad a itheann agus cad a ólann tú féin, mar shampla:

  Ithim feoil. Ní ithim iasc.
  Ithim arán agus im.
  Ithim glasraí ach ní ithim torthaí.
  Ólaim caife ach ní ólaim tae.
  Ólaim beoir. Ní ólaim fíon.

- Déan na nathanna thuas (nó a leithéidí) a chleachtadh leis an rang go dtí go bhfuil siad compordach, muiníneach astu.
- Iarr ar dhaoine éagsúla sa rang cur síos a dhéanamh ar na rudaí a itheann/ólann siad agus na rudaí nach n-itheann agus nach n-ólann siad.

(B): An Bradán: Cultúr

- Inis beagán faoin mbradán i gcultúr na hÉireann don rang.
- Tá bradán deataithe ar arán donn an-choitianta in Éirinn agus tá tionscal an bhradáin dheataithe ina thionscal tábhachtach.
- D'fhéadfaí roinnt bradán ar arán donn a thabhairt isteach sa rang don sos agus iarraidh ar dhaoine eile sa rang insint faoi na comhábhair atá i mbéilte simplí traidisiúnta óna dtíortha féin.
- Is iasc ar leith é an bradán i scéalaíocht na hÉireann.
- Iasc draíochta, miotaseolaíochta atá ann a bhfuil gaois ag baint leis sna seanscéalta.
- De réir na scéalta, d'ith bradán áirithe caora a thit isteach san abhainn ó chrann caorthainn draíochta agus is ar an mbealach sin a fuair an t-iasc a ghaois.
- Tugadh an t-ainm an Bradán Feasa (<*fios*) air mar gheall air sin.
- Nuair a bhí Fionn mac Cumhaill ina ógánach, rug sé ar an mbradán feasa lá agus thosaigh sé á chócaireáil.
- Tháinig spuaic ar chraiceann an éisc agus chuir Fionn a ordóg uirthi chun í a phléascadh.
- Bhí an t-iasc an-te, ar ndóigh, agus chuir Fionn a ordóg dhóite ina bhéal.
- Sin an chaoi a fuair Fionn mac Cumhaill bua na tairngreachta.
- Nuair a bhí eolas uaidh, ní raibh air ach a ordóg a chur ina bhéal faoina fhiacal feasa agus tháinig an t-eolas chuige.
- Bhí Fionn ina Thaoiseach ar na Fianna ina dhiaidh sin.

© CJF Mc Nuad

Gníomhaíocht 9.3(C): Liosta siopadóireachta: Cluastuiscint/Scríbhneoireacht

Gníomhaíocht:

- Abair leis an rang go bhfuil siad ag déanamh siopadóireachta do chomharsa leo atá tinn.
- Caithfidh siad éisteacht leis an gcomharsa ar an DD agus liosta a dhéanamh de na rudaí atá le ceannach.
- Leid: Tá ocht rud ar fad ag teastáil ón gcomharsa.

9.4 Ag cur ceiste ar dhuine cad iad na cineálacha bia agus dí a itheann agus a ólann siad

(A) Déan cleachtadh ar na ceisteanna agus ar na freagraí seo a leanas leis an rang:

An itheann tú prátaí? *Ithim./Ní ithim.*
An ólann tú beoir? *Ólaim./ Ní ólaim.*

Gníomhaíocht 9.4: Ag ithe agus ag ól: Obair bheirte

Réamhullmhúchán:

- Cuir na foghlaimeoirí ag obair i mbeirteanna, A agus B.

Gníomhaíocht:

- Iarr ar an rang cleachtadh a dhéanamh ar na ceisteanna agus freagraí thuas i mbeirteanna, ag baint úsáide as na pictiúir ar **Bhileog 9.2(A)**.
- Roghnaigh duine sa rang chun cuidiú leat léiriú conas tabhairt faoin gcomhrá:

Múinteoir/A: *An itheann tú feoil?*
Foghlaimeoir/B: *Ithim. Céard fútsa?*
Múinteoir/A: *Ní ithim. An ólann tú fíon?*
Foghlaimeoir/B: *Ólaim. Agus tusa?*
Múinteoir/A: *Ólaim, cinnte.* (Agus mar sin ar aghaidh...)

- Ba cheart dóibh rólanna a mhalartú, B ag cur na ceiste ar dtús an babhta seo.
- Leanadh gach B ar aghaidh deiseal chun cleachtadh eile a dhéanamh leis an chéad A eile.

9.5 Ag cur tuairimí in iúl

(A) Cuir ceist ar an rang cé mhéad freagra atá acu ar an gceist *An maith leat uisce beatha?*

- Más gá, téigh siar ar conas tuairim a chur in iúl (Féach **Topaic 5: Caitheamh**

© OE Má Nuad

aimsire)

Is maith.
Ní maith.
Is breá liom é.
Is fuath liom é.

Gníomhaíocht 9.5(A): Siobhán agus Róisín ag caint faoina rogha bia: Cluastuiscint agus Caint:

Réamhullmhúchán:

- Déan cóip de **Bhileog 9.5(A): Siobhán agus Róisín** do gach duine sa rang.

Gníomhaíocht:

- Tabhair cóip den bhileog do na foghlaimeoirí agus léigh na treoracha ag barr na bileoige leo lena chinntiú go dtuigeann siad cad é go díreach atá le déanamh acu.
- Cuir an comhrá ar siúl ar a laghad dhá uair dóibh.
- Roinn an rang i mbeirteanna, A agus B. Caithfidh A liosta a dhéanamh de na rudaí a itheann/ólann Siobhán agus caithfidh B liosta a dhéanamh de na rudaí a itheann/ólann Róisín. Iarr ar roinnt foghlaimeoirí an liosta a léamh amach. Mar shampla:
  A: *Itheann Siobhán torthaí, rís…* agus araile.
  B: *Itheann Róisín arán, prátaí…* agus araile.
- Ansin caithfidh A a rá cad iad na rudaí nach n-itheann/n-ólann Siobhán agus B a rá cad iad na rudaí nach n-itheann/n-ólann Róisín. Ansin, iarr ar roinnt foghlaimeoirí an liosta a léamh amach.

Gníomhaíocht 9.5(B): Mo rogha féin: Obair bheirte

Gníomhaíocht:

- Iarr ar an rang breathnú arís ar an liosta bia/dí ar **Bhileog 9.5(A)**.
- Iarr ar dhaoine éagsúla a dtuairimí a chur in iúl faoin mbia/na deochanna ar an liosta sin.
- Cuir tús leis an ghníomhaíocht trí do thuairimí féin a chur in iúl:

  Is breá liom arán. Is maith liom torthaí ach is fuath liom glasraí agus araile.

9.6 Ag ordú bia agus dí

(A) Múin cuid den stór focal a bhaineann le bialann do na foghlaimeoirí.

© OÉ Má Nuad

Gníomhaíocht 9.6(A): Sa bhialann: Caint

Réamhullmhúchán:

- Déan cóip de **9.6(A): Sa bhialann** do gach duine sa rang.

Gníomhaíocht:

- Tabhair am don rang chun breathnú ar na pictiúir agus chun an stór focal ar an mbileog a léamh.
- Abair na focail os ard dóibh cúpla uair.
- Iarr orthu ansin na focail a mheaitseáil leis na pictiúir.
- Is féidir tasc grúpa nó tasc aonair a bheith i gceist leis an tasc seo, ag brath ar chumas nó riachtanais an ranga.
- Nuair atá na foghlaimeoirí réidh, ceartaigh an ghníomhaíocht.
- Déan na focail maidir le bialann a chleachtadh leis an rang go dtí go bhfuil siad compordach, muiníneach leis.

(B) Ag ordú bia agus dí sa bhialann.

- Mínigh agus déan cleachtadh ar na téarmaí seo a leanas leis na foghlaimeoirí:

  biachlár, réamhchúrsa, príomhchúrsa, milseog, deoch

- Déan cleachtadh ar na horduithe seo a leanas:

  Cupán caife, le do thoil.
  An t-iasc, le do thoil.
  Ba mhaith liom iasc agus prátaí, le do thoil.

Gníomhaíocht 9.6(B): Biachlár: Caint

Réamhullmhúchán:

- Tabhair cóip de **Bileog 9.6(B): Biachlár** do gach duine sa rang.
- Iarr ar an rang breathnú ar an mbiachlár.

Gníomhaíocht:

- Lig ort gur tusa an freastalaí agus lorg orduithe ó dhaoine éagsúla.
- Mar shampla:

Múinteoir:	*Céard ba mhaith leat don réamhchúrsa?*
Foghlaimeoir:	*Torthaí le do thoil.*
Múinteoir:	*Agus don phríomhchúrsa?*
Foghlaimeoir:	*Iasc agus glasraí, le do thoil.*
Múinteoir:	*Ar mhaith leat milseog?*
Foghlaimeoir:	*Ba mhaith. Císte, le do thoil.*
Múinteoir:	Agus *deoch?*
Foghlaimeoir:	*Gloine fíona, le do thoil.*

- Déan cleachtadh mar sin le roinnt daoine sa rang.

© Ó Má Nuad

(C) An t-alt roimh ainmfhocal: Gramadach

- Iarr ar an rang éisteacht agus tú ag rá:

Ainmfhocal gan alt	**Ainmfhocal leis an alt**
iasc	*an t-iasc*
im	*an t-im*
uisce	*an t-uisce*
arán	*an t-arán*

- Cad a thugann siad faoi deara?
- Mínigh go bhfuil ainmfhocail sa Ghaeilge firinscneach nó baininscneach, ar nós go leor teangacha Eorpacha eile (Fraincis, Iodáilis, Spáinnis).
- Nuair a chuireann tú an t-alt uatha (*an*) roimh ainmfhocal firinscneach ag tosú le guta, cuirtear '*t'* roimhe: *an t-iasc*.
- Déan cleachtadh leis na foghlaimeoirí:: *iasc*, *an t-iasc* agus araile.
- Ansin, iarr orthu éisteacht leat ag rá:

bainne	*an bainne*
cupán	*an cupán*
siúcra	*an siúcra*
bia	*an bia*
béile	*an béile*
bille	*an bille*

- Cad a thugann siad faoi deara?
- Ní bhíonn aon athrú ar an ainmfhocal firinscneach tar éis an ailt má thosaíonn sé le consan.
- Déan cleachtadh leis an rang: *bainne, an bainne,* agus araile.
- Ansin, iarr ar an rang éisteacht leat ag rá:

milseog	*an mhilseog*
bialann	*an bhialann*
feoil	*an fheoil*

- Cad a thugann an rang faoi deara?
- Mínigh do na foghlaimeoirí gur ainmfhocail bhaininscneacha iad seo ar fad.
- Cuirtear *séimhiú* ar an ainmfhocal baininscneach tar éis an ailt má thosaíonn sé le consan.
- Mínigh nach *'h'* an Bhéarla atá i séimhiú ach comhartha dúinn chun fuaimniú an chonsain roimhe a athrú.
- Athraíonn '*m'* agus '*b'* go fuaim '*v'* sa dá chás thuas luaite.
- Léirigh dóibh an chaoi a n-athraíonn fuaim *'f'* freisin nuair a chuirtear séimhiú air.
- Mínigh do na foghlaimeoirí gur gné de na teangacha Ceilteacha í an séimhiú – ní fhaightear é i bhformhór na dteangacha Eorpacha eile. Mar sin tá sé tábhachtach mar is cuid speisialta den teanga é!
- Déan cleachtadh leis na foghlaimeoirí: *milseog, an mhilseog* agus araile.
- **Má chuireann an rang ceist ort ag an bpointe seo faoi conas go mbíonn a fhios againn an bhfuil ainmfhocal firinscneach nó baininscneach, moltar duit a rá leo go bhfuil a lán comharthaí ann, go bhfoghlaimeoidh siad na rialacha**

© OE Má Nuad

de réir a chéile ach gur leor an méid atá déanta don lá inniu!

Gníomhaíocht 9.6(D): Biachlár don bhricfeasta: Scríbhneoireacht
Réamhullmhúchán:
- Tabhair cóip de **Bileog 9.6(D): Biachlár don bhricfeasta** do gach duine sa rang.

Gníomhaíocht:
- Iarr ar na foghlaimeoirí breathnú ar an mbiachlár.
- Abair leo go bhfuil siad ag fanacht in óstán thar oíche agus go bhfuil leathanach leis an mbiachlár don bhricfeasta sa seomra leapa rompu.
- Caithfidh gach duine an t-ordú atá acu don bhricfeasta a scríobh amach le tabhairt duitse, an freastalaí.
- Bailigh na bileoga agus ceartaigh iad agus tabhair iad ar ais do na foghlaimeoirí sa chéad rang eile.

9.7 Ag tairiscint dí do dhuine agus ag glacadh le agus diúltú do thairiscint

(A) Múin don rang conas deoch a thairiscint:

Ar mhaith leat deoch?

- Múin don rang conas glacadh le tairiscint dí:

Ba mhaith. Beidh gloine fíona agam le do thoil.
Ba mhaith, go raibh maith agat. Gloine oráiste, le do thoil.

- Múin don rang conas diúltú do thairiscint dí:

Níor mhaith, go raibh maith agat.

Gníomhaíocht 9.7(A): Ag ordú béile: Cluastuiscint
Réamhullmhúchán:
- Déan cóip de **Bhileog 9.7(A): Ag ordú béile** do gach duine sa rang.

Gníomhaíocht:
- Tabhair cóip den bhileog do gach duine agus iarr orthu éisteacht le Maria agus Éamonn ag ordú béile sa bhialann.
- Caithfidh siad tic a chur in aice leis na rudaí a ordaíonn an bheirt acu.
- Déan an ghníomhaíocht a cheartú.

© OÉ Má Nuad

Gníomhaíocht 9.7(B): Foghraíocht: Súil siar ar *'b'* leathan, *'b'* caol agus *'b'* séimhithe

Gníomhaíocht:

- Abair leis an rang go bhfuil tú chun dul siar ar an ***'b'*** leathan agus *'b'* caol a chleachtaigh siad i d'**Topaic 8**.
- Abair leo éisteacht leis an nguth ar an DD nó leat féin agus tú ag rá:

  Bia, béile, bille, uisce beatha
  Buan, banc, bord, banaltra

- An gcloiseann siad an difríocht idir an dá *'b'*, ***'b'*** leathan, *'b'* caol?
- Seinn an DD arís (nó abair na focail sa liosta arís) agus an uair seo iarr ar an rang aithris a dhéanamh ar na focail sna liostaí.
- Ansin, abair leo éisteacht leis an nguth arís (nó leatsa arís) ag rá:

  Do bhia, do bhéile, do bhille, do bheatha
  Mo bhord, mo bhanc, dubh, ubh

- Ar ndóigh, braitheann fuaimniú an *'bh'* leathan ar an gcanúint. (Fuaimnítear é mar *'v'* nó *'w'* an Bhéarla. Fuaimnigh de réir do chanúna féin nó de réir canúint an cheantair ina bhfuil an rang ar siúl.)

9.8 Ag cur ceiste cé mhéad atá ar rud éigin agus ag freagairt na ceiste sin

(A) Téigh siar ar na bunuimhreacha leis an rang, an uair seo ag comhaireamh Euro:

Euro amháin, dhá euro, trí euro….deich euro

- Múin *caoga cent* don rang.
- Múin don rang conas ceist a chur faoi chostas ruda:

  Cé mhéad atá air sin?/Cé mhéad atá ar chupán caife?

Gníomhaíocht 9.8(A): Costas bia agus dí i mBialann na Seamróige: Caint *Réamhullmhúchán:*

- Déan cóip de **9.8(A): Costas bia agus dí i mBialann na Seamróige** le húsáid ar an osteilgeoir agus is féidir, más mian leat, cóip a thabhairt do gach duine sa rang.

Gníomhaíocht:

- Cuir ceist ar fhoghlaimeoir amháin sa rang cé mhéad atá ar chupán caife i mBialann na Seamróige.
- Nuair a thugann sé/sí an freagra duit, caithfidh sé/sí ceist a chur ar dhuine eile sa rang faoi chostas rud éigin eile ar an mbiachlár céanna.

© OÉ Má Nuad

- Mar sin ar aghaidh go dtí go bhfuil go leor cleachtaidh déanta ag na foghlaimeoirí ar conas ceist a chur faoi chostas bia agus dí.

Gníomhaíocht 9.8(B): Costas bia agus dí i mBialann na Seamróige arís!

Gníomhaíocht:

- Fág **Bileog 9.8(A)** ar an osteilgeoir ionas gur féidir leis na foghlaimeoirí í a fheiceáil.
- Ansin, lig ort gur custaiméir tú agus gur lucht freastail iad na foghlaimeoirí.
- Cuir ceisteanna mar seo a leanas orthu:

Cé mhéad atá ar chupán caifé agus císte beag, le do thoil?
Cé mhéad atá ar chupán tae agus ceapaire feola, le do thoil?
Cé mhéad atá ar dhá chupán tae agus dhá chíste beag?
Cé mhéad atá ar ghloine fíona agus uachtar reoite?
Cé mhéad atá ar ghloine fíona agus gloine beorach?
Cé mhéad atá ar dhá ghloine fíona, le do thoil?

Gníomhaíocht 9.8(C): Costas bia agus dí i mBialann na Seamróige arís eile!

Réamhullmhúchán:

- Fág **Bileog 9.8(A)** ar an osteilgeoir ionas gur féidir leis na foghlaimeoirí í a fheiceáil.
- Cuir iad ag obair i mbeirteanna. Tabhair ról an fhreastalaí do dhuine amháin agus ról an chustaiméara don duine eile.

Gníomhaíocht:

- Abair leis na foghlaimeoirí ceist a chur ar a chéile faoi chostas na rudaí atá ar an mbiachlár.
- Nuair atá dóthain cleachtaidh déanta acu sa ról sin, malartaídís rólanna ionas go bhfaigheann gach duine deis cleachtadh a fháil ar cheisteanna a chur agus ceisteanna a fhreagairt.

Gníomhaíocht 9.8(D): Fógra do Chaifé an Róis: Léamhthuiscint/Cluastuiscint

Réamhullmhúchán:

- Déan cóip de **Bhileog 9.8(D): Fógra do Chaifé an Róis** do gach duine sa rang.

Gníomhaíocht:

- Tabhair cóip den bhileog do gach foghlaimeoir agus abair leo go gcloisfidh siad fógra faoi chaifé nua atá ag oscailt sa sráidbhaile.
- Ba cheart dóibh an costas atá ar rudaí éagsúla a scríobh síos.
- Cuir ar siúl an mhír uair nó dhó dóibh agus ansin nuair a bheidh siad críochnaithe, déan an ghníomhaíocht a cheartú.

© OÉ Má Nuad

9.9 Ag lorg an bhille

(A) Múin an méid seo a leanas do na foghlaimeoirí.

Custaiméir:	*An bille le do thoil.*
Freastalaí:	*Cinnte! Seo dhuit!*
	Nóiméad amháin…seo dhuit!

Gníomhaíocht 9.9(A): Sa teach tábhairne, sa chaifé agus sa bhaile: Dhá agallamh beirte agus agallamh triúir

Réamhullmhúchán:

- Déan cóip de **Bhileog 9.9(A): Sa teach tábhairne, sa caifé agus sa bhaile** do gach duine sa rang.

Gníomhaíocht:

- Déan agallamh (a) a chleachtadh os ord leis an rang.
- Nuair atá roinnt cleachtaidh ranga déanta ar an agallamh, roinn an rang i mbeirteanna, A agus B; A ag glacadh ról an fhreastalaí agus B ról an chustaiméara.
- Ba cheart dóibh na rólanna sin a chleachtadh le chéile.
- Ansin bogadh lucht B deiseal chun cleachtadh (sa ról céanna) le duine nua.
- Nuair atá go leor cleachtaidh déanta acu sna rólanna sin, ba cheart dóibh rólanna a mhalartú; Lucht A ról an chustaiméara a ghlacadh agus Lucht B ról an fhreastalaí.
- Ansin déan cleachtadh ar agallaimh (b) agus (c) ar an dóigh céanna.

© OÉ Má Nuad